Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Eanáir 2026
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0289 (COD)**

**5082/26
ADD 1 REV 1**

**CODEC 12
COH 3**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**D'iarr an Bhulgáir go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

I gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme lena rialaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, tá iarratas ar íocaíocht curtha isteach go cuí ag an mBulgáir le haghaidh caiteachas fíoraithe dar luach EUR 882 158.92, a tabhaíodh roimh an 30 Meán Fómhair 2024, nár aisíoc an Coimisiún Eorpach go fóill.

Sa chomhthéacs sin, measann an Bhulgáir nár cheart tionchar a bheith ag an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit [2025/0289 (COD)] ar an méid thuasluaite.

**D'iarr an Iodáil go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Cé go n-aithníonn an Iodáil torthaí an Athbhreithnithe Mheántéarmaigh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a mhéid a bhaineann le hath-imlonnú mhéideanna 2025 faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, tarraingíonn sí aird ar na deacrachtaí oibríochtúla a eascraíonn as an athbhreithniú teicniúil a áirítear sa togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755, ag a bhfuil tionchar EUR 30.8 milliún ar leithdháileadh na hIodáile, i bhfianaise na ngealltanas atá ceangailteach ó thaobh dlí a rinneadh ar an leibhéal náisiúnta.

Meabhraítear don Iodáil na himthosca eisceachtúla ina ndearnadh an cinneadh sin i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Mheántéarmaigh agus cuireann sí bhfios go láidir nár cheart fasach a leagan síos leis an idirghabháil sin i leithdháileadh airgeadais ionstraime arna cur chun feidhme, rud a chosnódh bainistiú éifeachtach acmhainní poiblíag na comhlachtaí riaracháin inniúla atá freagrach as an gcur chun feidhme.